An Roinn Oideachais
Department of Education

12 Lúnasa 2021

A Phríomhoide, a chara,

Tá súil agam go bhfuair tú sos maith le linn an tsamhraidh roimh an téarma scoile nua.

Tarraingítear aird sa litir seo ar an treoir agus na hacmhainní atá ar fáil chun tacú leat de réir mar a athosclaítear scoileanna don chéad scoilbhliain eile agus de réir mar a leanaimid le maireachtáil le COVID-19. Is eol go maith don Roinn go dteastaíonn ó scoileanna tuiscint shoiléir ar na socruithe agus an treoir a bheidh fós i bhfeidhm don bhliain acadúil 2021/22 chun tacú le scoileanna le linn phaindéim COVID-19.

Nuair a athosclófar iad, ba cheart do scoileanna leanúint leis na bearta a bhí i bhfeidhm sa téarma roimhe le haghaidh ionfhabhtuithe a chosc agus a rialú. Tacófar le scoileanna déanamh amhlaidh.

Is é an aidhm atá leis na bearta uile atá i bhfeidhm le haghaidh ionfhabhtuithe COVID-19 a chosc agus a rialú ná tacú le scoileanna oibriú go sábháilte agus tabhairt isteach COVID-19, agus a tharchur i measc phobal na scoile ina dhiaidh sin, a chosc. Tugann na bearta sin cosaint do dhaltaí/scoláirí agus dá dtuismitheoirí agus do bhaill foirne scoile. Cé go nglactar leis gur tháinig athruithe ar ghnáthchleachtais agus traidisiúin scoile mar thoradh ar na bearta sin, thaispeáin pobail scoile athléimneacht agus nuálaíocht iontach ina leith.

**<u>Plean Freagartha COVID-19:</u>**
Mar a cuireadh in iúl duit i mí an Mheithimh, eiseofar teimpléad nua le haghaidh phlean freagartha COVID-19 chuig scoileanna an 18 Lúnasa 2021. Nuashonraíodh an teimpléad chun go mbeadh sé ag teacht leis an bhfaisnéis atá sa phlean ón Rialtas dar teideal Teacht Aniar agus Téarnamh: An Bóthar Amach Romhainn agus sa Phrótacal um Oibriú go Sábháilte.

Is é an cuspóir atá le Plean Freagartha COVID-19 ná treoir shoiléir chabhrach a sholáthar le haghaidh oibriú sábháilte scoileanna trí COVID-19 a chosc, a luathbhrath agus a rialú. Soláthraítear ann faisnéis thábhachtach faoi na bearta le haghaidh ionfhabhtuithe a chosc agus a rialú chun íoslaghdú a dhéanamh ar riosca COVID-19 do bhaill foirne, do dhaltaí/scoláirí, do theaghlaigh agus don mhórphobal. Aithnítear ann freisin an tábhacht a bhaineann leis an oideachas maidir le sláinte agus folláine na leanaí agus na sochaí ina hiomláine.

Tá an cur chuige i leith COVID-19 i scoileanna bunaithe ar an gcomhairle agus an treoir ón Rannóg Sláinte Poiblí i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Luaigh an Rannóg Sláinte

**Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659**
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 X659
www.education.ie

Poiblí nach bhfágann athraithigh reatha nua an ghalair gur gá athrú a dhéanamh ar na bearta a theastaíonn i scoileanna le haghaidh ionfhabhtuithe a chosc agus a rialú.

Faoin bplean nuashonraithe, ní cheanglaítear ar scoileanna aon ghníomh a dhéanamh roimh an ngnáth-athoscailt. Mar atá leagtha amach thuas, ba cheart do scoileanna leanúint leis na socruithe a bhí i bhfeidhm le linn an téarma scoile roimhe nuair a athosclófar iad. Ba cheart Pleananna Freagartha COVID-19 a phlé ag an gcéad chruinniú pleanáilte eile de chuid an Bhoird Bhainistíochta.

**Foirm um Fhilleadh ar an Obair:**

Chun go bhféadfaidh siad filleadh ar an áit oibre, ní mór do bhaill foirne foirm um Fhilleadh ar an Obair a chomhlánú. Tá cóip den fhoirm ar fáil ANSEO

Ba cheart a shocrú go ndéanfaí an fhoirm um Fhilleadh ar an Obair a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig an scoil sula bhfillfidh baill foirne ar an obair. Féadfaidh baill foirne atá ann cheana foirm nua a chomhlánú nó féadfaidh siad a dheimhniú nach bhfuil aon athrú tagtha ón samhradh i leith ar na mionsonraí atá tugtha ar a bhfoirm bhunaidh um Fhilleadh ar an Obair.

**Oiliúint:**

Is tugtha in Aguisín 1 atá mionsonraí faoi na hacmhainní oiliúna a bhaineann le COVID-19 atá ar fáil d'aon bhaill foirne scoile a ceapadh le déanaí.

**Aeráil agus Monatóirí $CO_2$:**

Níl in aeráil a bhainistiú ach ceann amháin de shraith beart sláinte poiblí atá i bhfeidhm chun ár scoileanna a choinneáil sábháilte. Soláthraíodh treoir nuashonraithe do scoileanna ar Chéimeanna Praiticiúla maidir le Dea-Chleachtais Aerála i Scoileanna ag deireadh mhí na Bealtaine, tar éis do shainghrúpa breithniú cúramach a dhéanamh ar ról na haerála maidir le COVID-19 a bhainistiú.

Tá cóip den treoir foilsithe ag https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/aerala-i-scoileanna/

Is é an cur chuige uileghabhálach a mholtar sa treoir ná go gcoinneodh scoileanna fuinneoga ar oscailt go hiomlán nuair nach mbíonn seomraí ranga in úsáid (e.g. le linn amanna sosa nó amanna lóin agus ag deireadh gach lae scoile) agus go gcoinneodh siad fuinneoga ar oscailt go páirteach nuair a bhíonn seomraí ranga in úsáid.

Leagtar amach sa treoir gur féidir le monatóirí Dé-Ocsaíde Carbóin ($CO_2$) ról a imirt maidir le léiriú ginearálta úsáideach a thabhairt nach mbíonn limistéir/seomraí sách aeráilte. Is féidir leo áititheoirí a chumasú tuiscint a ghnóthú ar an tionchar a imríonn gníomhaíochtaí, an aimsir amuigh faoin spéir agus fuinneoga oscailte ar leibhéil dea-aerála.

…..

Maidir leis sin, tá roinnt monatóirí iniompartha á gceannach ag an Roinn faoi láthair. Dáilfear iad sin ar scoileanna i mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair – idir dhá cheann agus 20 ceann ar leibhéal na bunscoile agus idir 20 ceann agus 35 cinn ar leibhéal na hiar-bhunscoile, ag brath ar mhéid na scoile, ar chostas foriomlán measta €4 mhilliún. Cinnteoidh sé sin go mbeidh monatóir $CO_2$ ar fáil lena úsáid i ngach seomra ranga in Éirinn.

Tá na monatóirí iniompartha agus so-úsáidte agus tabharfar léamh digiteach leo. Trí mhonatóirí iniompartha $CO_2$ a sholáthar, tabharfar solúbthacht do scoileanna díriú ar iad a úsáid sna seomraí sin ina mbeidh an toradh is tairbhiúla orthu chun bonn eolais a chur faoi straitéisí le haghaidh aeráil a bharrfheabhsú sa scoil.

Gheobhaidh scoileanna na monatóirí $CO_2$ ó **Lennox Laboratory Supplies Ltd** (www.lennoxeducational.ie, *seoladh ríomhphoist:* customerservice@lennox.ie), ar soláthraí reatha é faoin g*Comhshocraíocht Ilsoláthraí le haghaidh Trealamh Cosanta Pearsanta, Tomhaltáin agus Trealamh a Sholáthar don Earnáil Gaeloideachais*.

Is i mbaisc amháin nó dhó a sheachadfar an leithdháileadh iomlán monatóirí $CO_2$ chuig gach scoil. Déanfaidh Lennox teagmháil dhíreach le scoileanna ón 16 Lúnasa i leith chun mionsonraí seachadta a shocrú.

Tosófar ar an gcéad bhaisc monatóirí a sheachadadh **an tseachtain dar tús an 23 Lúnasa**. Seachadfar an dara baisc go luath i mí Mheán Fómhair, agus a leithdháileadh iomlán monatóirí á fháil ag scoileanna faoi lár mhí Mheán Fómhair. Cinnteoidh an cur chuige sin go mbeidh rochtain ag scoileanna ar mhonatóirí a luaithe is féidir. Soláthrófar treoir úsáideora i dteannta na monatóirí.

**Faisnéis do bhaill foirne:**

Tá faisnéis faoi shocruithe oibre do Mhúinteoirí, do Chúntóirí Riachtanas Speisialta agus do bhaill foirne eile scoile le fáil i gciorclán nua do bhaill foirne, is é sin: Ciorclán 0042/2021 dar teideal "*Coróinvíreas (COVID-19): Socruithe le haghaidh Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna aitheanta"*. Glacann an ciorclán sin ionad Chiorclán 0021/2021 agus Nóta Faisnéise TC 0025/2021. Tá an ciorclán foilsithe ANSEO.

**Iompar Scoile**

Cé go n-oibreofar seirbhísí na Scéime Iompair Scoile don scoilbhliain 2021/2022 ina n-iomláine, tarlóidh sé, mar a tharla sa scoilbhliain 2020/2021, go mbeidh bearta breise agus ceanglais bhreise sláinteachais i bhfeidhm ar sheirbhísí. Ar aon dul leis an gcomhairle Sláinte Poiblí, leanfaidh seirbhísí iar-bhunscoile orthu ag oibriú ar leathacmhainn sa scoilbhliain 2021/2022. Beidh an teorainn acmhainne sin faoi réir athbhreithniú leanúnach.

Eiseofar cumarsáidí chuig tuismitheoirí/caomhnóirí agus leanaí roimh an tseachtain dar críoch an 20 Lúnasa 2021, agus treoirlínte mionsonraithe á dtabhairt faoi na nithe nach mór dóibh cloí leo nuair a bheidh seirbhísí na Scéime Iompair Scoile á n-úsáid acu.

Maidir le daoine ar ar a scoil a fhreastalaíonn leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu dá bhfostaíonn an scoil Coimhdire Bus Scoile ar sheirbhísí iompair scoile, is amhlaidh, i gcás go mbeidh Coimhdire breise Bus Scoile ag teastáil mar gheall ar an gceanglas atá ann Seirbhísí breise Iompair Scoile a sholáthar ar leathacmhainn do leanaí atá in aois iar-bhunscoile, go mbeidh Bus Éireann agus an Rannóg Iompair Scoile i dteagmháil leo maidir le haon socruithe den sórt sin agus maidir leis an gceadú a bheidh ag teastáil don Choimhdire breise nó do na Coimhdirí breise, de réir mar is gá.

**Cistiú:**
Soláthraíodh cistiú fairsing breise don scoilbhliain 2020/2021 chun tacú le scoileanna oibriú go sábháilte i gcomhthéacs COVID-19. Leanfar le cistiú a sholáthar don téarma nua. Eiseofar ciorclán nua ina gcumhdófar na socruithe cistiúcháin sna seachtainí atá le teacht, agus mionsonraí á dtabhairt faoi na dátaí agus na rátaí íocaíochta deontais.

**Cumarsáid:**
Is leagtha amach in Aguisín 2 atá raon ábhar cumarsáide a bhfuil mar aidhm leo daltaí agus scoláirí agus a dtuismitheoirí a ullmhú don fhilleadh ar an scoil. Dáilfidh an Roinn na hábhair sin go leathan ar na meáin shóisialta. Seolfar naisc dhíreacha do gach físeán aonair chuig scoileanna le ríomhphost roimh an tseachtain dar críoch an 20 Lúnasa 2021 freisin.

Tá súil agam go mbeidh an fhaisnéis thuas úsáideach duit agus tú ag ullmhú chun tacú le hoibriú sábháilte marthanach do scoile thar an mbliain atá le teacht.

Is mise le meas,

Deirdre Shanley
Rúnaí Cúnta

## Aguisín 1 Acmhainní Oiliúna (d'aon bhaill foirne nua)

| | Mír | Topaic | Cén áit ar féidir leat teacht ar an mír seo |
|---|---|---|---|
| 1. | Seimineár Gréasáin ar Oiliúint Ionduchtúcháin | Oiliúint Ionduchtúcháin d'aon bhaill foirne nua roimh athoscailt na scoile | Bunscoileanna<br>Iar-bhunscoileanna |
| 2. | Seimineár Gréasáin do Phríomhionadaithe Oibrithe | Oiliúint do Phríomhionadaithe Oibrithe – d'aon Phríomhionadaithe Oibrithe nua | Ar fáil anseo<br>. |
| 3. | Oiliúint do chúntóirí riachtanas speisialta, do bhaill foirne a oibríonn i ranganna speisialta agus do mhúinteoirí riachtanas speisialta oideachais. | Oiliúint do chúntóirí riachtanas speisialta, do bhaill foirne a oibríonn i ranganna speisialta agus do mhúinteoirí riachtanas speisialta oideachais – riachtanach d'aon bhaill foirne nua | Ar fáil anseo |
| 4. | Oiliúint do Bhaill Foirne Glantacháin | Oiliúint d'aon Bhaill Foirne Glantacháin nua | Ar fáil anseo<br>. |

## Aguisín 2 Acmhainní cumarsáide a sholáthrófar roimh athoscailt na scoileanna

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | Físeáin bheochana do dhaltaí agus do thuismitheoirí Béarla, Gaeilge agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann | Comhairle agus faisnéis maidir leis an bhfilleadh ar an scoil – díriú ar theachtaireachtaí sláinte poiblí | • Gov.ie/backtoschool<br>• Nasctha ó Esinet<br>• Seolfar naisc dhíreacha do gach físeán aonair chuig scoileanna le ríomhphost<br>• Scaipfear an mhír seo thar ardáin mheán sóisialta na Roinne |
| 2 | Faisnéis théacsbhunaithe do thuismitheoirí i níos mó ná 30 teanga | Comhairle agus faisnéis maidir leis an bhfilleadh ar an scoil – díriú ar theachtaireachtaí sláinte poiblí | • Gov.ie/backtoschool<br>• Nasctha ó Esinet<br>• Seolfar naisc dhíreacha do gach mír theanga aonair chuig scoileanna le ríomhphost<br>• Scaipfear an mhír seo thar ardáin mheán sóisialta na Roinne |
| 3 | Treoir Formáide Póstaer do Thuismitheoirí | Comhairle agus faisnéis maidir leis an bhfilleadh ar an scoil – díriú ar theachtaireachtaí sláinte poiblí | • Gov.ie/backtoschool<br>• Nasctha ó Esinet<br>• Seolfar naisc dhíreacha do gach físeán aonair chuig scoileanna le ríomhphost<br>• Scaipfear an mhír seo thar ardáin mheán sóisialta na Roinne |